COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Déardaoin 26ú de Shamhain 2020**

**4.00i.n. – 5.30i.n. (ar Microsoft Teams)**

Miontuairiscí Aontaithe - Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an Déardaoin an 26ú de Shamhain ag 4.00 i.n. ar Microsoft Teams.

**I láthair**, bhí P. Ó C., Á. B., C. Ó C., G. Uí C., agus G. Ní C. (Rúnaí/Príomhoide).

**Leithscéal ó:** T. Ó hA., T. Ó C. agus S. Ó T.

1. **Fáiltiú**

   Cuireadh cruinniú den Bord Bainistíochta a bhí socraithe don 17ú de Shamhain ar athchló de bharr fadhbanna leathanbhanda ag cuid de na Baill. De bharr fadhbanna leathanbhanda athuair ag cuid de na baill, bhí ar an mBord, Cathaoirleadh Sealadach a mholadh. Mhol C. O C., P. Ó C. ina Cathaoirleach sealadach don chruinniú le cuidiú ó A. B. Cuir an Cathaoirleach sealadach fáilte roimh na baill chuig an gcruinniú.

2. **Miontuairiscí**

   Mhol A. B. le cuidiú ó C. Ó C. go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, mhol A. B. le cuidiú ó C. Ó C. go nglacfar leo. Scaipeadh roimh ré iad.

3. **Ag éirí as**

   Ní raibh aon cheo ag éirí astu

## 4. Comhfhreagras

Mhínigh an Príomhoide go raibh comhfhreagras agus Ciorclán éagsúla a bhí tágtha faoi bhráid na scoile ón gcruinniú. A lán de na Ciorclán agus comfhreagras ón Roinn Oideachais, bhí scaipthe ar an mbord tríd ríomhphoist roimhré.

Tá comhfhreagra faighte ó NEPS go bhfuil siceolaí nua faighte againn, A MacG. agus tá an SENO, D. T., athraithe as a post.

## 5. Tuairisc an Rúnaí

### Teagasc agus Foghlaim

Bliain 1: Vacsainiú, Cúrsa Covid-19 agus Folláine ar líne (SuperGeneration), Tuairiscí Scoile Lár Téarma, Cúrsa Folláine, Treodóireachta agus Folláine.

Bliain 2: Cúrsa Covid-19 agus Folláine ar líne (SuperGeneration), Tuairiscí Scoile Lár Téarma, Cúrsa Folláine, Treodóireachta agus Folláine.

Bliain 3: Cruinniú Múinteoirí –Tuismitheoirí ar Teams, Scrúdú Míosúla

Bliain 5: Cúrsa Covid-19 agus Folláine ar líne (SuperGeneration), Tuairiscí Scoile Lár Téarma

Bliain 6: Cruinniú Múinteoirí –Tuismitheoirí ar Teams, Scrúdú Míosúla

### Forbairt Gairmiúil

M Nan M - Cúrsa CAO

- Comhairleoireacht ar Taighde Eorpach ar saol an deagóir faoi Planet Youth.

F. Ní B. – Cúrsa Eolaíocht Talamhaíocht le T. Ó Sé

A. B. – Cúrsa Teaching Mathematics in the current school context - PDST

Caomhnú Leanaí le A. W. agus an PO

Cruinniú le COGG – P. Ó L. maidir le Plean Feabhsúcháin mar Scéim Aitheantas mar Scoil Gaeltachta

S. Ní C. – Cúrsa Clár Oiliúna Náisiúnta do SNA le Ollscoil Baile Atha Cliath

### Fás agus Forbairt

Naoi duine dhéag cláraithe don scoilbhliain seo

75 dalta sa scoil.

**Infreastruchtúr agus struchtúr- 13 ríomhaire glúine ar an foireann agus daltaí Fisice**

**Caiteachas go dtí seo €139,844.36**

**Tá an t-iarratas a cuireadh isteach do chlúdach ar an gclós faighte ag an scoil, Luach €47,500**

**Comhpháirtíocht agus Nascanna**

Bhí an Príomhoide i dteagmháil le EWO, NEPS, BOOGR, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, an Sagart Paróiste, Coiste Forbartha Corr na Móna, Filleacháin Deireadh Fómhair.

**Post freagrachta**

Tá athbhreithniú déanta ar post freagrachta AP2 leis an múinteoir de réir na treoirlínte.

Níl dáta faighte ag na hiomaitheoirí don phost AP1 fós, mar gheall ar níl teacht ar ionadaí ón TUI chun suí ar an mBord Agallamh.

6. **Plean Scoile / Fís scoil s'againne / Polasaithe le uasdátú**

   Scaipeadh i measc na baill Plean na Scoile i dtaobh Fís na Scoile Clár le uasdátú Polasaithe Scoil ar na Ball roinnt mhaith seachtaine roimh an cruinniú seo. Cuireadh faoi bhráid Caomhnú Leanaí agus Cód Iompair.

7. **Uasdátú Polasaí Caomhnú Leanaí / Cód Iompair**

   Mhol P. Ó C. go nglacfar leis an bPolasaí agus an Measúnú Riosca le tacaíocht ó C. Ó C. Bhí plé faoi ionadaí agus ról an DIA. Mhol P. Ó C., G. Ní C. don phost DIA le cuidiú ó C. Ó C. Agus Caomhnú Leanaí fós á phlé, mhol A. B. E Uí M. mar ról DDIA le cuidiú ó G. Uí C.

   Pléadh an Cód Iompar agus na leasaithe bainteach le dúshlán Covid. Mhol an Príomhoide ról na Tuismitheoirí sna leasaithe. Ghlac an Bord leis go bhfuil údaráis ag an bPríomhoide daltaí a chur ar Fionraí.

8. **Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**

   Tugadh le fios nach raibh aon rud le tuairisciú agus cuireadh na cáipeisí faoi bhráid an Bord.

9. **Tuairisc ó Choiste na dTuistí**

Bhí an chead cruinniú de Choiste na Tuismitheoirí ar an Déardaoin, 12ú de Shamhain ar Teams. Tá sé socraithe go bhfuil M. Ó F. ceapaithe mar Chathaoirleach agus tá sonraithe na ball scaipthe roimhe seo. Beidh an Coiste ag seoladh miontuairiscí ar a gcruinnithe go dtí ionadaí na dTuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta.

**10. Plean Ráiteas Sláinte & Sábháilteacht**

Tá an Plean i bhfeidhm ón gcruinniú Bord Bainistíocht deireanach a bhí scaipthe ar na baill foirne ó thús na scoilbhliana. Beidh C. Ó L. ag tabhairt faoi Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteacht mar ionadaí Sláinte agus Sábháilteacht na scoile. Beidh trí lá i gceist. Thug A. B. tuairisc ar feidhmiú na scoile agus na ranganna ó peirspictíocht an mhúinteora.

**11. A. R. E**

Rinne an Cathaoirleach sealadach chuile rath a ghuí ar Bhall an Bhord don Nollag agus ar obair pobal na scoile go léir. Le seo, cuireadh críoch leis an gcruinniú.

Sínithe: Tomás Ó Coisdealbha  Dáta: 15 d'Aibreán 2021

**Cathaoirleach**